Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2021
(OR. en)

8438/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0096(NLE)**

TRANS 263
COWEB 52
ELARG 25

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8274/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7485/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hábhair áirithe riaracháin agus foirne le haghaidh an Chomhphobail Iompair<br>– Glacadh |

**RÉAMHRÁ**

1. An 12 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Tá sé d'aidhm ag an togra seasamh ón Aontas a cheapadh d'fhonn é a chur faoi bhráid Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair chun sraith rialacha riaracháin a ghlacadh maidir le

   a) speansais taistil rannpháirtithe seachtracha chruinnithe an Chomhphobail Iompair;

   b) costais athshuímh na foirne; agus

   c) ranníocaíochtaí ón gComhphobal Iompair le hárachas sláinte, dífhostaíochta, pinsin agus míchumais foirne.

3. Tá an Comhphobal Iompair, agus a shuíomh i mBéalgrád, ag feidhmiú ó Mheán Fómhair 2019. Tá rialacha maidir le bainistiú airgeadais agus cuntasaíocht, earcaíocht, dualgais agus oibleagáidí foirne, agus misin glactha cheana féin.

4. Beartaítear leis na dréachtrialacha a ghabhann leis an togra roinnt de na bearnaí atá fós ann a líonadh. Leis na rialacha, ba cheart ionstraimí praiticiúla don riarachán agus, ag an am céanna, dálaí oibre atá tarraingteach do bhaill foirne agus do rannpháirtithe ón réigiún agus ó na Ballstáit freisin a chur ar fáil, agus na rialacha atá á gcur i bhfeidhm in eintitis phoiblí idirnáisiúnta eile á gcur san áireamh.

## OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

5. Tar éis cur i láthair agus plé a dhéanamh, ag cruinniú neamhfhoirmiúil den Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódula agus Gréasáin an 10 Feabhra 2021, ar nóta coincheapa[1] do chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh an 12 Feabhra 2021, scrúdaíodh an togra foirmiúil ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag an Meitheal an 14 Aibreán 2021. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na toscaireachtaí an togra, thug siad dá n-aire gur cuireadh san áireamh moltaí a rinneadh le linn an phlé maidir leis an nóta coincheapa, agus chuir siad roinnt barúlacha teicniúla in iúl chomh maith.

6. Tar éis cuireadh chun barúlacha i scríbhinn a fháil[2], scaip an Ardrúnaíocht téacsanna modhnaithe arb aidhm dóibh ailíniú cothrománach le comhaid roimhe seo[3] a áirithiú. In ainneoin iarraidh eile ar bharúlacha i scríbhinn faoin 30 Aibreán 2021[4], ní bhfuarthas aon ionchur breise ó na toscaireachtaí.

7. Tá sé beartaithe go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Choiste Stiúrtha Réigiúnach an 20 Bealtaine 2021 agus, ag an ócáid sin, is féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis na rialacha riaracháin, tar éis an seasamh ón Aontas a ghlacadh.

---

1 WK 1618/2021.
2 7837/21.
3 7988/21 agus 7989/21.
4 8274/21.

**CONCLÚID**

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

— an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a fhormhuiniú, agus

— a mholadh don Chomhairle an Cinneadh, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8039/21 agus in 8040/21 é[5], a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[5] Beidh na doiciméid ar fáil tráthnóna an 11 Bealtaine 2021.